

CÉ HÉ XENU?

Inseoidh mé scéal duit. An bhfuil tú i do shuí go compordach? Ceart go leor más ea, seo an scéal ansin.

Bhí rí ann fadó, cúig mhilliún déag is trí scór de bhlianta ó shin, agus ní rí den ghnáthdhéanamh a bhí ann ach réaltimpire mór coimhthíoch arbh ainm dó Xenu. Bhí sé ina impire ar na pláinéid go léir sa chearn seo de Bhealach na Bó Finne, ár bpláinéad féin san áireamh, is é sin, an Domhan. Nó Teegeeack, mar a thugtaí ar an áit san am sin.

Bhí fadhb ag Xenu, áfach. Na pláinéid a bhí sé a rialú, bhí siad ag cur thar maoil le daoine, gach aon cheann de na sé phláinéad déag is trí scór. Bhí céad seachtó ocht mbilliún acu ann in aghaidh an phláinéid. Leis an bhfadhb seo a fhuascailt, d'oibrigh Xenu amach plean nach rithfeadh ceann ab uafásaí ná é leis an diabhal féin.

Fuair Xenu smacht iomlán ar an Impireacht. Na fealltóirí a bhí mar chomhghuaillithe aige, chabhraigh siad leis an ceann ab fhearr a fháil ar an gcosmhuintir agus ar na hoifigigh a d'fhan dílis don chosmhuintir. Fuair sé cuidiú óna chuid siciatraithe agus chuir sé gairm chruinnithe ar na billiúin de dhaoine chun cáin a ghearradh díobh, mar dhea. Ach, in áit an chain a íoc, fuair na daoine seo instealladh alcóil agus gliocóil a bhain lúth a ngéag díobh. Ina dhiaidh sin, dúnadh isteach ar bhord spásárthaí iad. Bhí na spáslonga seo iontach cosúil le gnátheitleán paisinéireachta, an DC8 mar shampla, ach amháin go raibh roicéid mar innill acu.



Na DC8anna spáis seo, rinne siad a mbealach a fhad leis an bpláinéad seo againn, agus fágadh na mílte milliún de dhaoine spréite timpeall ar na bolcáin, duine amháin sa mhullach ar an duine eile. Nuair a bhí gach mac máthar agus iníon athar acu ina luí ansin in aice le ceann de na bolcáin, caitheadh buama millteanach hidrigine isteach i gceas gach bolcán. Mhaidhm Xenu ansin na buamaí ar fad, agus maraíodh na créatúirí go léir sna pléascanna.

Ní hé sin dheireadh an scéil go fóill, áfach. Ós rud é go bhfuil anam ag gach duine – sa scéal seo, tugaimid “téatán” ar an anam – ní mór féachaint chuige nach dtiocfaidh an t-anam ar ais. Mar sin, agus na hanamacha seo ar foluain timpeall sna gaotha móra núicléacha, bhí líonta speisialta leictreacha curtha ag Xenu leis na hanamacha a fháil in eangaigh.

I ndiaidh do Xenu na hanamacha a cheapadh is a chimiú mar seo, phacáil sé isteach i mboscaí ábhalmhóra iad a hiompraíodh go dtí pictiúrlanna millteanacha. Istigh ansin dóibh, chaithfeadh na hanamacha scannáin speisialta thríthoiseacha a fheiceáil. Taispeánadh dóibh an cineál saoil a bheadh ann amach anseo, ach thairis sin, fuair siad cuid mhaith imeachtaí barrúla le feiceáil a chuir trí chéile iad. Chonaic na hanamacha seo pictiúirí bréige a raibh Dia, an diabhal agus Íosa le haithint iontu, mar a dúradh leo. Is é sin, “plandáladh” cuimhní bréige ina n-intinn.

Nuair a bhí na scannáin thart, d'fhág na hanamacha na tithe pictiúirí agus iad ag greamú dá chéile ina gcrúinneagáin. B'é ba chúis leis seo go raibh na scannáin chéanna feicthe acu, agus iad ag síleadh gurbh iad an duine céanna iad ar fad. Bhí cupla míle anam i ngach crúinneagán den chineál seo. Ó nach raibh ach roinnt

bheag de choirp bheo fágtha, d'fhan na hanamacha le chéile sna cruinneagáin seo, a shealbhaigh an beagán corp a bhí ann.

Céard a tharla do Xenu, mar sin? Bhuel, sa dheireadh thiar thall d'éirigh le dornán d'oifigigh dhílse é a chur ó chumhacht. Dúnadh isteach i sliabh é ar cheann de phláinéid a impireachta. Tá sé faoi ghlas taobh istigh de réimse fórsa atá ag fail fuinnimh ó bhuanbhataire, agus é féin beo beathaíoch i gcónaí.


Sin a raibh ann, mar scéal. Inniu féin, tá na cruinneagáin seo d'anamacha, a dtugtar “téatáin an choirp” orthu, tá siad ag goilliúint ar na daoine. Má theastaíonn uainn bheith saor, caithfidh muid ruaigeadh a chur ar na téatáin seo, ach le sin a dhéanamh, ní mór dúinn na mílte euro a íoc as an gcóir leighis. Agus má chreideann tú i nDia agus in Íosa i gcónaí, is iad na scannáin is aonchúis leis sin, agus iad feicthe ag na téatáin i do chorp féin, tá cúig mhilliún déag is trí scór de bhlianta ó shin.

Bhuel, cad é mar a thaitníonn an scéal seo leat féin?

An ea? An dóigh leat nach bhfuil ann ach *deargsheafóid*?

Le fírinne, sin é an dearcadh atá againn féin. **Ar an drochuair**, tá a leithéid de “reiligiún” ann agus an Scientology*, agus lucht a leanúna ag tabhairt chreidiúna don fhastaíocht seo mar a bheadh Bíobla ann. Dá mbeadh a fhios ag na daoine roimh ré gurb é seo is bunchloch don Scientology, is dócha nach n-éireodh le misinéirí an chreidimh sin riamh iad a earcú mar bhaill nua don “eaglais”. Is é oighear an scéil ná nach bhfaighfidh tú an scéal seo le cloistéail sula sroichfidh tú an chéim i gcóras iararcach an Scientology a dtugtar “OT III” uirthi. Nuair a bheidh an chéim sin agat, beidh tú in ann – mar a chreideann baill na heaglaise seo – ruaigeadh a chur ar théatáin do choirp le cumhacht d'intinne. Cosnóidh sé crág mhór airgid ort, áfach, an chéim sin a bhaint amach, agus mura bhfuil an t-airgead sin agat, caithfidh tú na blianta fada a chur díot ag obair saor in áisce don tseict le luach na céime a shaothrú.

D'inis muid an scéal seo le rabhadh a thabhairt duit. Má thograíonn tú mar sin féin ballraíocht an Scientology a bhaint amach, beidh a fhios agat roimh ré, ar a laghad, céard atá i ndán duit ansin.



The head of the Galactic
Confederation (76 planets around
larger stars visible from here)
(founded 7,000,000 yrs ago, very sparse opera)
Solved overpopulation (250 billion
on so per planet - 178 billion on
average) by mass implanting.
He caused people to be brought to
Decease (Earth) and put on H Bomb
on the principal volcanoes (Incident 2)

An chéad leathanach i n-“doiciméad rúnda” OT III. Lorg láimhe L. Ron Hubbard atá ann.

www.xenu.net

An chuid is mó de na “Scientologists”, agus iad ag obair i lárionaid “Dianetics”* agus i dteampaill na seicte seo, níl a fhios acu an scéal seo, ós rud é nach bhfaighfidh ach lucht na hardchéime rúnda é le cloistéail. Tógann sé a lán airgid agus ama orthu an leibhéal seo a bhaint amach dóibh, agus is iomaí duine acu nach sroichfidh an chéim sin choíche. Iad siúd a d’fhoghlaim an scéal cheana féin, caithfidh siad a mhionnú agus a mhóidiú nach n-inseoidh siad é do na comhaltaí sóisearacha sa ghluaiseacht.

Anois, agus tú i ndiaidh an bhilleog seo a léamh, tá a fhios agat rún mór an Scientology. Más maith leat go fóill dul sa tseict, ná bíodh aon mhoill ort. Ar a laghad, ní féidir leat a rá nár tugadh rabhadh duit.

* Trádmharcanna de chuid an Religious Technology Centre (RTC) is ea iad *Dianetics* agus *Scientology*. Níl baint dá laghad ag údar na billeoige seo le heaglais an Scientology ná le haon chraobh de ghluaiseacht an Scientology.